M56AT

**An Roinn Oideachais agus Eolaíochta**

**Scrúdú na hArdteistiméireachta 2000**

# Gnó – Gnáthleibhéal

(400 marc)

**DÉ CÉADAOIN, 14 MEITHEAMH, MAIDIN 9.30 r.n. - 12 meánlae**

**Scrúdú Dhá uair an chloig go leith**

**Freagair**

**<u>Deich</u> gceist ó Roinn 1**

**<u>Ceithre</u> cheist ó Roinn 2 mar seo a leanas:**

**Ceist <u>amháin</u> ó Chuid 1**
**<u>Dhá</u> cheist ó Chuid 2**
**Agus ceist <u>amháin eile</u> ó Chuid 1 nó Cuid 2**
**Tá an marc céanna ag dul do gach ceist.**

| C. | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |
| Iomlán | |

**Rabhadh**

**Ní mór duit Roinn 1 a chur ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfear marcanna.**

**Tabhair ar aird le do thoil dáileadh na marcanna in aghaidh gach ceiste**

Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**Scríobh do scrúduimhir anseo**

**An Roinn Oideachais agus Eolaíochta**

**Scrúdú na hArdteistiméireachta 2000**
**Gnó - Gnáthleibhéal**

# ROINN 1 – CEISTEANNA GEARRFHREAGRAÍ

**(100 marc)**

**Is roinn éigeantach í an roinn seo. Freagair 10 gceist. Tá 10 marc ag dul do gach ceist. Cuir an Roinn seo isteach le do fhreagarleabhar le do thoil.**

**1.** Cé dó a seasann na litreacha seo a leanas? *(Scríobh gach freagra go hiomlán sa spás atá curtha ar fáil)*

| | |
|---|---|
| **(i)** | D.I.R.T/C.Ch. |
| **(ii)** | E.U./A.E. |
| **(iii)** | I.C.T.U / C.C.É. |

**2.** *Is liosta téarmaí gnó atá i gcolún 1. Is éard atá i gcolún 2 liosta de mhíniúcháin a d'fhéadfadh a bheith ar na téarmaí sin. Meaitseáil an dá liosta tríd an litir a ghabhann leis an míniúchán ceart a chur leis an uimhir chuí thíos. Tá míniúchán amháin ann nach bhfuil aon ní ann le meaitseáil leis.*

| Colún 1 Téarmaí | Colún 2 Míniúcháin |
|---|---|
| 1. Árachas Uileghabhálach | A. Is féidir leis an árachóir éileamh a dhéanamh in aghaidh tríú páirtí i leith caillteanais. |
| 2. Slánaíocht | B. Cáipéis a bhíonn riachtanach chun iarratas a dhéanamh ar chúiteamh. |
| 3. Polasaí | C. Ní féidir brabús a dhéanamh ó éileamh árachais |
| 4. Den mheon is macánta | D. Clúdaíonn gach duine agus gach gluaisteán a bhíonn i dtimpiste |
| 5. Foirm Éilimh | E. Cáipéis conartha a léiríonn na rioscaí a chlúdaítear agus na coinníollacha |
| 6. Foráil chaillroinnte | F. Ní mór do dhuine gach fíric ábhartha a nochtadh don chuideachta árachais. |
| | G. Baintear leas as mura mbíonn dóthain árachais ar an maoin. |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| m.sh. 1. ***D*** | 2. | 3. | 4. | 5. | 6. |

**3.** Liostaigh **<u>trí</u>** thréith a bhaineann le bainisteoirí.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**4.** Liostaigh **<u>cúig</u>** chineál cumarsáide scríofa i ngnó.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**5.**

| **Dáta** | **Sonraí** | **Uimh. Seice** | **Dochar** | **Sochar** | **Iarmhéid** |
|---|---|---|---|---|---|
| 2000 | | | | | |
| 12 Meitheamh | Lóisteáil | | | 500 | 500 |
| 14 Meitheamh | Seic | 6 | 200 | | 300 |
| 21 Meitheamh | ATM | | 100 | | 200 |
| 24 Meitheamh | Lóisteáil | | | 300 | X |

A. Ainmnigh an cháipéis theaghlaigh thuas ______________________________

B. Cad é an t-iarmhéid sa bhosca a bhfuil X marcáilte air______________________________

C. Mínigh na litreacha "ATM"______________________________

**6.** Déan idirdhealú idir Comhardú na Trádála agus Comhardú na nÍocaíochtaí.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**7.** Mínigh an téarma "réise rialúcháin"

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**8.** Tabhair sainmhíniú ar Dhliteanas Teoranta:

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**9.** Liostaigh **<u>trí</u>** eagraíocht stáit a chuideodh le gnó Éireannach margadh onnmhairíochta a fhorbairt.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**10.** Léirigh an bhfuil gach ceann de A,B,C, D, E a leanas fíor nó bréagach.

| | **Abairt** | **Fíor nó Bréagach** |
|---|---|---|
| A | Tá sé dleathach d'fhostóir faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta idirdhealú a dhéanamh ar bhonn stádas pósta | |
| B | Ceadaíonn an tAcht Caidrimh Thionscail picéadú síochánta a bheith ann. | |
| C | Cosnaíonn an tAcht um Dhífhostú Éagórach gach fostaí cibé lánaimseartha nó páirtaimseartha ó dhífhostú éagórach ag a bhfostóir | |
| D | Ní bhaineann an tAcht um Chosaint Sonraí ach le sonraí pearsanta a bhíonn coinnithe ar ríomhaire agus ní bhaineann le sonraí ar thaifid láimhe. | |
| E | Baineann an tAcht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí le fógraí agus éilimh a dhéanann monaróirí, imdháileoirí, mórdhíoltóirí agus miondhíoltóirí. | |

**11.** Imlínigh **dhá** chúis a ndéanfaí ráiteas faoi shreabhadh airgid thirim a ullmhú.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

**12.** Téann meithleacha a n-éiríonn leo trí cheithre chéim:

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. FOIRMIÚ | 2. STOIRMIÚ | 3. NOIRMIÚ | 4. |

**1.** Ainmnigh an ceathrú céim. ________________________________

**2.** Mínigh an bhrí atá le noirmiú.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

**13.** Ainmnigh **dhá** ní a bhíonn uait chun rochtain a fháil ar an idirlíon.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

**14.** Mínigh cad atá i gceist le saincheadú agus léirigh do fhreagra le sampla.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

**15.** Liostaigh **trí** mhír a d'fhéadfadh a bheith ar Chlár Oibre do chruinniú.

**1.** ______________________________________

**2.** ______________________________________

**3.** ______________________________________

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2000

# GNÓ - GNÁTHLEIBHÉAL

## ROINN 2

(300 marc)

**Tá an marc céanna ag dul do gach ceist.**

**Freagair ceithre cheist ó Roinn 2 mar seo a leanas:**
**Ceist amháin ó Chuid 1**
**Dhá cheist ó Chuid 2**
**Agus ceist amháin eile ó Chuid 1 nó Cuid 2**

**Roinn 2** **Cuid 1**

**Daoine i nGnó**

## Ceist 1

*Léigh an t-eolas seo a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.*

Thóg tógálaí áitiúil balla nua a chosain Éir£500 ina gáirdín do Anne Andrews. Laistigh de sheachtain bhí cuid de na brící bogtha agus tite ar an bhféar. Bhí dhá leath déanta ag na brící nuair a thit siad ar an talamh.

**(A)** Léirigh modh **amháin** nach modh dlí é chun an fhadhb thuas a réiteach. marc)

**(B)** Imlínigh **trí** cheart atá ag Anne faoin Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980 maidir leis an tseirbhís a sholáthair an tógálaí. (15 marc)

**(C)** Abair cúis **amháin** a bhféadfadh Anne cás a thabhairt chuig an gCúirt do Mhionéilimh agus tabhair tuairisc ar ról na cúirte sin. (15 marc)

Is téarmaí iad 'idir-réiteach' agus 'eadráin' a mbaintear leas go minic astu nuair a bhíonn fadhbanna idir fostóirí agus fostaithe.

**(D)** Mínigh na téarmaí 'idir-réiteach' agus 'eadráin'. (20 marc)

**(E)** Tabhair tuairisc ar an gcaidreamh a bhíonn idir fostóir agus fostaí. (20 marc)

**(75 marc)**

## Ceist 2

*Léigh an t-eolas seo a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.*

Táirgeann comharchumann Chill Bharraigh torthaí agus glasraí, idir chinn úra agus chinn phróiseáilte agus déanann siad trádáil iontu. Rinneadh ctp as le gairid agus tugtar Cill Bharraigh ctp anois air. Tá aitheanta ag an gcuideachta nach mór di infheistiú i T&F agus i margaíocht chun a cuid margaí onnmhairíochta a leathnú. Tá an chuideachta ag iarraidh comhghuaillíocht ghnó a dhéanamh freisin le Citrus plc, cuideachta torthaí i Meiriceá Theas. Tá margadh mór onnmhairíochta agus go leor taithí agus scileanna ag Citrus plc ó thaobh a gcuid táirgí a onnmhairiú. Léirigh clár teilifíse le gairid gur bhain drochstair le Citrus plc maidir leis an tslí ar chaith siad lena gcuid fostaithe. Bhí fianaise ar an gclár faoi dhrochphá, droch-choinníollacha oibre agus leas a bheith á bhaint as lotnaidicídí a d'fhéadfadh a bheith contúirteach i gcás chuid dá gcuid táirgí. Gearradh fíneáil freisin ar Citrus plc faoi loch agus dhá abhainn a thruailliú i Meiriceá Theas.

**(A)** Mínigh na téarmaí 'ctp', 'T&F' agus 'margaíocht. (24 marc)

**(B)** Imlínigh **trí** chúis gur mhaith le comharchumann Chill Barraigh a bheith ina ctp. (15 marc)

**(C)** Mínigh **trí** chúis a bhfuil Cill Bharraigh ctp ag pleanáil comhghuaillíocht ghnó le Citrus plc.(15 marc)

**(D)**Tabhair sainmhíniú ar eitic gnó agus imlínigh cúiseanna nár iompair Citrus plc iad féin go heiticiúil. (21 marc)

**(75 marc)**

## Timpeallacht Idirnáisiúnta/Baile

**Ceist 3**

*Léigh an t-eolas seo a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.*

| |
|---|
| Tá méadú tagtha ar fhiontar pobail áitiúil le blianta beaga anuas agus ag an am céanna tá na figiúirí do bhoilsciú agus do dhífhostaíocht i ngeilleagar na hÉireann tite. |

**(A)** Mínigh an chúis a bhfuil tábhacht le fiontar pobail áitiúil. (15 marc)

**(B)** Tabhair sainmhíniú ar an téarma "boilsciú" agus abair go garbh an ráta boilscithe in Éirinn faoi láthair. (10 marc)

**(C)** Mínigh **<u>trí</u>** bhuntáiste atá i ndífhostaíocht íseal don gheilleagar. (15 marc)

**(D)** Imlínigh **<u>trí</u>** bhealach ar féidir le cáin ard tionchar a bheith aici ar ghnó. (15 marc)

**(E)** Liostaigh **<u>trí</u>** pholasaí de chuid an AE agus mínigh ról **<u>ceann</u>** acu. (20 marc)

**(75 marc)**


## Fiontraíocht/Bainistíocht 1

### Ceist 4

*Léigh an t-eolas seo a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.*

Go minic bíonn móitivéisean an-ard ag baint le lucht fiontraíochta.
Dhá theoiric móitivéisin is ea:
Teoiric X agus Y <u>McGregor</u> agus maorlathas riachtanas <u>Maslow</u>.

<u>Maorlathas Riachtanas Maslow</u>




**Riachtanais Féiniomlánaithe**
(lánphóiteanseal a bhaint amach)

**(A)** Tabhair sainmhíniú ar mhóitivéisean. (10 marc)

**(B)** Déan cur síos ar theoiric X **<u>nó</u>** ar theoiric Y McGregor. (15 marc)

**(C)** Liostaigh cúig thréith a bhaineann le lucht fiontraíochta. (15 marc)

**(D)** Liostaigh leibhéil **1, 2, 3,** agus **4** de mhaorlathas riachtanas Maslow agus mínigh ceann **<u>amháin</u>** acu. (25 marc)

**(E)** Tabhair sainmhíniú ar an téarma ‘tarmligean’. (10 marc)

**(75 marc)**

**Bainistíocht**

## Ceist 5

*Léigh an t-eolas seo a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.*

Tuairiscíodh go ndúirt Príomhfheidhmeanach (CEO ) ar chuideachta mhór le gairid :
*"Tá bainistíocht gnólachtaí ag athrú an-tapa.*
*Cheana ba é an jab a bhí agam mar bhainisteoir ná a bheith mar rialtóir nó mar shaineolaí, anois ní mór dom scileanna cóitseálaí agus éascaitheora a bheith agam i mo chuid oibre.*
*Bíonn orm freisin ról TQM agus IT a thuiscint agus mo ghnó á rith agam."*

**(A)** Cén bhrí atá leis an téarma POF(CEO)? (5 marc)

**(B)** Mínigh an bhrí atá le bainisteoir 'rialtóra' agus bainisteoir 'éascaitheora'. (20 marc)

**(C)** Tabhair tuairisc ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le bainistíocht lánchomhionannais. (TQM) (10 marc)

**(D)** Imlínigh **ceithre** thionchar atá ag Teicneolaíocht an Eolais (IT) ar ról bainistíochta. (20 marc)

**(E)** Mínigh an cuspóir atá le measúnú feidhmiúcháin. (20 marc)

**(75 marc)**

Bainistíocht

## Ceist 6

*Léigh an t-eolas seo a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.*

Tá Catherine Hayes 25 bliain d'aois agus tá sí ina bainisteoir ar stór beag miondíola i gCill Dara le ceithre bliana. Rinne sí an Ardteisiméireacht in 1993 agus bhain sí onóracha amach i mBéarla agus i nGnó. Tá sí ina cathaoirleach ar Chlub Leadóige Chill Dara agus tá sí ina cónaí ag 102 An Phríomhshráid, Co. Chill Dara. Chonaic sí an fógra seo a leanas san nuachtán Irish Gazette.

*Fógra earcaíochta Díolachán agus HRM*

*Bainisteoir Teileamhargaíochta ag teastáil do ghnólacht cruógach.*
*Bunphá 16K. Bónais mhaithe.*
Duine de dhíth: ó 20 go 30 bliain d'aois.
*Ní mór:* *taithí trí bliana i bpost den sórt céanna, togha bealaigh ar an teileafón, scileanna réiteach fadhbanna agus taithí ar fhoireann a reachtáil.*
*Freagraí faoi rún le C.V chuig H.Holmes, Tele Technology Ltd. Sr Chorcaí, Baile Átha Cliath 8 roimh 1 Iúil 2000.*

**(A)** Cén bhrí atá le 'HRM' agus 'C.V.'? (5 marc)

**(B)** Déan idirdhealú idir tuairisc poist agus sonraíocht duine agus léirigh do fhreagra le samplaí ón bhfógra thuas. (16 marc)

**(C)** Dréachtaigh litir iarratais ó Catherine Hayes ar an bpost thuas. (20 marc)

**(D)** Dréachtaigh C.V. oiriúnach ó Catherine faoi na cinnteidil seo a leanas:
1. Ainm agus Seoladh
2. Cáilíochtaí
3. Taithí Oibre
4. Caithimh Aimsire (20 marc)

**(E)** Mínigh an tábhacht a bhaineann le cumarsáid mhaith agus duine ag cur isteach ar an bpost thuas. (14 marc)

**(75 marc)**

## Ceist 7

*Léigh an t-eolas seo a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.*

Is úinéir ar chaifé beag é Gerard Morgan. Tá sé ag rith an ghnó le trí bliana agus roimhe sin bhí sé ina bhainisteoir ar bhialann ar feadh cúig bliana. Tá an caifé ar shráid ghnóthach i lár an bhaile in aice le hospidéal mór. Tá an caifé an-ghnóthach ó d'fhógair Gerard tairiscint speisialta lóin ar Éir£4.00. Tá chef lánaimseartha amháin agus ceathrar páirtaimseartha ar fhoireann Gerard. Tá coigiltis Éir£30,000, cúlchistí Éir£25,000 agus iasacht ó bhanc ABN aige. Tá sé ag lorg tuilleadh airgid chun trealamh a cheannach agus tá sé ag ullmhú iarratais ar iasacht.

*Díolacháin chaifé don Bhliain 1999*

| **Ítim Biachláir** | **Praghas Ítime** | **Ítimí Díolta** | | **Ioncam Díolachán** |
|---|---|---|---|---|
| | Éir£ | | | Éir£ |
| Bricfeasta na hÉireann | 5.00 | 4000 | = | 20,000 |
| Caifé agus Ceapaire | 2.50 | 1600 | = | 4,000 |
| Iasc agus Sceallóga | 3.00 | 4000 | = | 12,000 |
| Pióg Úll agus Uachtar | 2.00 | 2000 | = | 4,000 |
| Mianraí | 1.00 | 20000 | = | 20,000 |
| | **Ioncam Iomlán Díolachán** | | = | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Costas Díolacháin | = | Éir£24,000 sa bhliain |
| **Speansais:** | Speansais Ghinearálta | = | Éir£12,000 sa bhliain |
| | Ús Iasachta | = | Éir£4,000 sa bhliain |

**(A)** Ríomh ioncam iomlán díolachán agus an ollbhrabús a ghin an caifé le linn na bliana. (10 marc)

**(B)** Ríomh an Glanbhrabús a rinne an caifé. (10 marc)

**(C)** Ríomh an céatadán Glanbhrabúis. (10 marc)

**(D)** Déan cur síos ar thrí chineál meán fógraíocha cuí a bhféadfadh Gerard fógraíocht a dhéanamh iontu. (15 marc)

**(E)** Dréachtaigh plean gnó do Gerard le cuidiú lena iarratas chun an Bhainc ar airgead faoi na trí cinnteidil seo a leanas:
1. Úinéireacht
2. Margaíocht
3. Airgeadas

(30 marc)

**(75 marc)**

**Gnó ag Gníomhú**

## Ceist 8

*Léigh an t-eolas seo a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.*

Bunaíodh Prátaí ctp caoga bliain ó shin agus déanann siad scallóga prátaí don mhargadh baile agus thar lear. Tá leathnú tagtha air trí fhás orgánach agus is fostaitheoir mór anois é san áit . Tá méadú ag teacht ar an éileamh ar a chuid táirgí ach tá acmhainn táirgeachta na cuideachta teoranta. Tá laghdú tagtha ar scair mhargaidh Phrátaí de bharr iomaíocht le gairid ó chuideachtaí smailcbhia eile.

**(A)** Léirigh cad atá i gceist le 'fás orgánach'. (5 marc)

**(B)** Déan cur síos ar **cheithre** chúis ar mhaith le Prátaí ctp a gcuid gnó a leathnú. (20 marc)

**(C)** Déan cur síos ar **dhá** mhodh leathnaithe a d'fhéadfadh Prátaí ctp a úsáid. (10 marc)

**(D)** Tabhair **trí** fhoinse airgeadais a bhféadfadh Prátaí ctp leas a bhaint astu le leathnú. Mínigh ceann **amháin** ar bith de na foinsí sin. (20 marc)

**(E)** Imlínigh impleachtaí leathnú Prataí ctp agus tionchar an leathnaithe ar:

- Praghas scaireanna,
- Soláthairtí,
- Brabúis,
- Fostaithe,
- Tomhaltóirí.

(20 marc)

**(75 marc)**